Na Cairde Smailceacha

Ábhair Thaca do Mhúinteoirí





Blianta 1 agus 2 - Torthaí

Pleanáil Churaclaim

Pointí Tosaithe



Scéalta

- ***Oliver's Fruit Salad***
  Vivien French, Alison Bartlett
- ***Handa's Surprise***
  Eileen Browne
- ***Avocado Baby***
  John Burningham
- ***The Little Mouse, the Red Ripe Strawberry and the Big Hungry Bear***
  Don Wood, Audrey Wood
- ***The Very Hungry Caterpillar***
  Eric Carle
- ***Each Peach, Pear, Plum***
  Janet Ahlberg, Allan Ahlberg
- ***Fruit***
  Miriam Moss



Torthaí san Ealaín

- ***Still Life with Jug and Fruit*** le Paul Cezanne
- ***Still Life with Mangoes*** le Paul Gauguin
- Pictiúir agus póstaeir ar thorthaí
- Póstaer- Na Cairde Smailceacha
- Tionscadail Naíscoile, Oideachas Páistí in Early Years Educator

Turas ar shiopaí torthaí, an margadh nó an rannóg torthaí san ollmhargadh

Ciseán torthaí úra

Torthaí triomaithe nó cannaithe

Dánta

- ***Oranges and Lemons***
- ***I had a little Cherrystone***

Torthaí ar an idirlíon

www.childfun.com/themes/apples.shtml smaointe ar ghníomhaíochtaí úill
www.thefruitpages.com ar a bhfuil gach eolas atá de dhíth faoi thorthaí
www.delmonte.com/kids/index.htm cócaireacht le páistí, fíricí agus greann

Forbairt chruthaitheach, léiritheach agus fhisiceach



Rúin foghlama

- Dathanna, cruthanna agus foirm a thaiscéaladh.
- Freagairt don obair s'acu agus d'obair daoine eile le tuairimí bainteacha.
- Amharc go grinn ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí.
- Úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun patrúin a chruthú.
- Úsáid a bhaint as réimse meán chun pictiúir agus mionsamhlacha a chruthú, m.sh. cailc, pastail, péint, taos agus cré.
- Uirlisí beaga a láimhseáil le smacht méadaithe, m. sh. nuair atáthar ag gearradh nó ag smiotadh torthaí, ag úsáid uirlisí múnlaithe ar chré/thaos, ag úsáid réimse scuaba péinteála.
- Gluaiseacht le smacht agus le comhordú.

Gníomhaíochtaí/Eispéiris

- Pictiúir torthaí ó fhearais neamhbheo nó ó na samhlaíochtaí s'acu a tharraingt nó a dhathú.
- Úsáid a bhaint as na samhlaíochtaí s'acu chun patrúin phriontála a chruthú le torthaí m. sh. líomóidí, réalt-thorthaí, piorraí.
- Taos salainn a dhéanamh, é a dhathú le dathuithe bia amhail buí, dearg agus glas.
- Mionsamhlacha torthaí a dhéanamh ag úsáid cré/taos dathaithe nó úsáid a bhaint as cré nó taos le dath nádúrtha.
- Torthaí a ullmhú do sailéid torthaí/ceibeabanna torthaí.
- Torthaí citris a bhrú le haghaidh deochanna nó déan creatháin bhainne le torthaí nó míndeochanna.
- Cluichí a imirt ar dhathanna torthaí. Tabhair cód datha do cheithre ghrúpa páistí, ritheann gach páiste chuig pictiúir na dtorthaí chun pictiúr atá mar an gcéanna le dath na foirne s'acu a fháil.



Teanga agus litearthacht

Rúin foghlama

- Éisteacht le haire le raon scéalta agus dánta faoi thorthaí.
- Éisteacht le treoracha agus iad a chur i bhfeidhm, m. sh. lean an t-oideas le sailéad torthaí a dhéanamh.
- Scéal i seicheamh a athinsint.
- Sult a bhaint as amharc ar leabhair agus as tosú le léamh.
- Bheith eolach ar na cineálacha difriúla leabhar, m. sh. leabhair scéalta, leabhair faisnéise.
- Liostaí, teachtaireachtaí simplí le linn súgartha a scríobh.
- Amharc ar an mhúinteoir mar scríbhneoir, m. sh. ag taifeadadh breathnuithe, ag scríobh oideas, liostaí srl.

Gníomhaíochtaí/Eispéiris: Labhairt agus éisteacht

- Labhairt faoi na torthaí is fearr: cuir síos ar thorthaí - cruth, uigeacht, scamhachán, craiceann, aibí, torthúil srl.
- Éisteacht go cúramach agus sult a bhaint as scéalta, dánta, rímeanna agus amhráin, amhail ***Handa's Surprise, The Very Hungary Caterpillar, Oranges and Lemons***. Bheith páirteach nuair is cuí é.
- Treoracha ó bhéal a chur i bhfeidhm, m. sh. an dóigh le sailéad torthaí, creathán bainne le torthaí nó míndeoch a dhéanamh.
- Aibitír le torthaí a dhéanamh m. sh. aibreog, banana, caor, damsan. Éist na fuaimeanna tosaigh (doiligh teacht ar thoradh a thosaíonn le 'e'!!).
- Labhairt faoi sheanfhocal "Ith úll agus coinnigh an dochtúir ar shiúl".

Gníomhaíochtaí/Eispéiris: Léitheoireacht

- Páistí a spreagadh chun amharc ar raon leabhar, billeog agus póstaer a bhaineann le torthaí.
- Oidis agus treoracha sláinteachais a leanúint, lipéid a léamh.
- Biachláir agus praghasliostaí a léamh má tá caifealann nó siopa torthaí agat.
- Sult a bhaint as leabhair idirghníomhaíocha ar CD-ROManna (Dlúthdhioscaí CLA)
- An cluiche "Chuaigh mé chuig an siopa agus cheannaigh mé...." a imirt.
- Ar na heochairfhocail tá: toradh citris, toradh teochreasach, torthaí crainn, caora, clocha, pórtha, síolta, craiceann, scamhachán.

Gníomhaíochtaí/Eispéiris: Scríbhneoireacht

- "Leabhar ar na Torthaí is Fearr Liom" dá gcuid féin a dhéanamh.
- Liostaí siopa don siopa torthaí a dhéanamh i ndiaidh don mhúinteoir an fhoirm scríbhneoireachta seo a mhúnlú.
- Lipéid a chur ar na tíortha as a dtagann na torthaí ar léarscáil mhór an domhain.

Matamaitic/Uimhearthacht

Rúin foghlama

- Torthaí a shortáil i raon dóigheanna agus labhairt faoi na critéir amhail dearg/ní dearg, bain an craiceann/ná bain an craiceann, clocha/pórtha.
- Tacair a dhéanamh leis na sonraí a léiriú, m. sh. líon na n-úll, na bpiorraí, na mbananaí.
- Patrúin shimplí a aithint agus a dhéanamh ag úsáid priontaí toraidh.
- Comhfhreagras 1 le 1 a léiriú.
- Comparáid a dhéanamh agus iad a chur in ord de réir méide agus meáchain agus labhairt faoi chosúlachtaí agus faoi dhifríochtaí.
- Gníomhaíochtaí simplí meaitseála a léiriú.

Gníomhaíochtaí/Eispéiris

- Torthaí a shortáil i dtacair, m. sh. úlla/ní úlla, glas/ní glas, snámhann/ní shnámhann.
- Tacair a dhéanamh de 4 banana, 3 piorra agus na torthaí a taifeadadh.
- Tacair de thorthaí a chuntas.
- Ticéid praghais a chur ar thorthaí sa siopa. Malartaigh airgead le díol agus le ceannach.
- Torthaí ag úsáid scálaí cothroim a mheá. Na húlla is troime/na torthaí is éadroime a fháil.
- Úsáid na torthaí le patrúin phrionta a dhéanamh. Na páistí a spreagadh leis na patrúin chéanna a dhéanamh.
- Agus sailéad torthaí á dhéanamh labhait faoin toradh a ghearradh ina leath, ina cheathrúna.
- Uimhreacha a aithint ar oidis.
- Amharc ar na teascáin sna horáistí, sna líomaí agus sna seadóga.
- Na torthaí úra a mheaitseáil le torthaí bréagacha, torthaí triomaithe le torthaí úra amhail f íonchaor/rísín, pluma/prúna.
- An toradh leis an sú toraidh a mheaitseáil.



An domhan thart orainn

Rúin foghlama

- Éagsúlacht leathan torthaí a aithint agus a ainmniú.
- Saolré séasúrach crann toraidh a aithint.
- A gcéadfaí a úsáid chun tuilleadh eolais a fháil ar thorthaí agus labhairt faoi na sonruithe s'acu.
- Éagsúlacht torthaí a aimsiú agus riachtanas torthaí don saol sláintiúil a aithint.
- Cosúlachtaí agus difríochtaí i dtorthaí a aithint.
- Fios a bheith acu go bhfástar roinnt torthaí go háitiúil, agus go n-iomportáiltear cuid eile ó thíorta iasachtacha.
- Go n-athraíonn torthaí a gcuma thar thréimhse ama a aithint agus fios a bheith acu gur féidir torthaí a chaomhnú.

Gníomhaíochtaí/Eispéiris

- Turas a thabhairt ar shiopa glasraí nó dul ar shiúlóid torthaí san fhómhar (is féidir go dtiocfaidh tú ar sméara dubha, daimsíní, úlla, piorraí, mogóirí róis srl).
- Amharc ar phictiúir/póstaeir nó ciseán torthaí úra. Iarr ar na páistí na torthaí a aithníonn siad a aimsiú. Torthaí níos coimhthígh a thabhairt isteach de réir a chéile thar an chéad chúpla lá eile.
- Na páistí a spreagadh chun cur síos a dhéanamh ar an chuma atá ar thorthaí, an dóigh a mothaíonn siad, (bain úsáid as an bhosca mothaithe), an boladh agus an blás atá orthu. Cén dath atá air? Cén cruth atá air? An bhfuil sé súmhar? An ithimid an craiceann? An bhfuil sé aibí/anabaí? An bhfuil sé briosc nó bog?
- Cluiche dallóige 'aimsigh an toradh' a imirt (b'féidir go mbeadh leisce ar roinnt páistí seo a dhéanamh).
- Labhairt faoin tábhacht a théann le cuid mhór torthaí a ithe. Níochán na dtorthaí agus a lámh araon sula n-itear iad a phlé.
- Cur síos a dhéanamh ar thorthaí sula mbaintear an craiceann díobh agus ina dhiaidh.
- Labhairt faoi thorthaí a fhásaimid anseo amhail úlla, piorraí, súth talún, súth craobh agus torthaí a thagann ó thíortha teo eile amhail bananaí, cibhí, oráistí srl. Léarscáil an domhain a úsáid chun tíortha a aimsiú.
- Torthaí a ghearradh ina dhá leath agus iad a scrúdú le gloine fhormhéadaithe. Is féidir leis na páistí pictiúir bhreathnaithe a tharraingt.
- Sailéad torthaí (bí cúramach leis an scian) agus sú torthaí a dhéanamh. Labhairt faoin chraiceann, péacán, bun, síolta/clocha.
- Athruithe a thagann ar thorthaí má fhágtar faoin aer iad a phlé.
- Amharc ar mhodhanna chun torthaí a chaomhnú amhail reo, cannú, triomú (sabhdánaigh, prúnaí, aibreoga, sceallóga banana, slisíní úill) stobhadh, buidealú agus déanamh suibhe.
- Comparáid a dhéanamh idir torthaí triomaithe agus torthaí úra. Fliuch roinnt torthaí triomaithe in uisce thar oíche. Labhair faoin rud a tharlaíonn.

Forbairt phearsanta



Rúin foghlama

- An tábhacht a théann le hitheachán sláintiúil agus sláinteachas a aithint.
- Úsáid shábháilte uirlisí agus trealaimh a léiriú.

Gníomhaíochtaí/Eispéiris

- Labhairt faoin tábhacht a théann le torthaí chun fanacht sláintiúil. Labhairt faoi thorthaí a thabhairt chuig otharlanna.
- Torthaí agus lámha a ní sula n-itear torthaí úra.
- Úsáid a bhaint as sceana go sábháilte nuair atáthar ag gearradh nó ag smiotadh.
- Labhairt faoin rud a tharlaíonn nuair a fhágtar torthaí faoin aer agus an tábhacht a théann le torthaí úra amháin a ithe.
- Sult a bhaint as torthaí a ithe le chéile.



Tuilleadh smaointe d'úsáid torthaí

Deiseanna smailce

- Sailéad torthaí - le hathruithe amhail sailéad torthaí glasa, sailéad torthaí dearga, sailéad torthaí tropaiceacha, sailéad torthaí ciotrais, sailéad torthaí "triomaithe"
- Ceibeabanna torthaí
- Bananaí brúite
- Sú torthaí a ól
- Torthaí cannaithe sa sú nádúrtha
- Torthaí stofa
- Creatháin bhainne le torthaí nó míndeochanna

Eispéiris súgartha le torthaí

	Gníomhaíochtaí/Eispéiri	Áiseanna
Ról-imirt/ Samhlaíocht	• Bunaigh coirneál tí. Cuir torthaí úra, triomaithe, bréagacha agus torthaí cannaithe ann. Tabhair torthaí nua isteach gach lá. • Iarr ar na páistí torthaí a ní agus sailéad torthaí nó ceibeabanna torthaí a ullmhú sa teach. • Leathnaigh an súgradh amach le 'caifealann' torthaí. Tig le páistí bia a ullmhú, oidis, biachláir agus praghasliostaí a scríobh, orduithe a ghlacadh, billí a ullmhú srl. • I ndiaidh turais chuig siopa glasraí nó ollmhargadh, bunaigh siopa glasraí.	• Réimse leathan torthaí le gnáththorthaí agus torthaí coimthíocha, triomaithe cannaithe, deochanna torthaí, torthaí plaisteacha agus adhmaid san áireamh (NES Arnold) • Caifélann, babhlaí, plátaí, trealamh scríbhneoireachta, naprúin (atá sábháilte do pháistí), scálaí, airgead, málaí, póstaeir, praghasliostaí.
Déanamh	• Tig le páistí mála iompair do thorthaí a dhearadh. • Déan longa, leoraithe, trucáilí agus veaineanna chun torthaí a iompar.	• Páipéir éagsúla, boscaí, glae, ribíní, éadach, pinn, rothaí, cairtchlár.
Gaineamh	• Tig le páistí turas Handa a léiriú i ngaineamh tais. • Cluiche comhordanáidí a imirt. An gaineamh a mharcáil ina chearnóga. Píosa toraidh a chur i bhfolach. Caithfidh na páistí an chearnóg cheart a aimsiú.	• Cóip de ***Handa's Surprise*** le Eileen Browne. • Duilliúr do chrainn, ábhar do chrónna, ciseán torthaí, rogha ainmhithe, bábóga eitneacha, torthaí.
Uisce	• Cuir rogha torthaí i ngar don tráidire uisce. Tig le páistí taiscéaladh/tuar a thabhairt ar cén cinn a shnámhann/thiteann go tóin. • Imir cluiche tumtha d'úlla traidisiúnta (páistí níos aosta). • Déan longa as craiceann oráiste. • Cuir seolta leo.	• Fáinní sórtála, lipéidí, rogha torthaí - bain triail as cuid le agus gan chraiceann (tabhair faoi deara go snámhann banana lena chraiceann ach titeann sé go tóin gan a chraiceann), tuáillí, craiceann oráistí, páipéar, cipíní manglaim, marla
Súgradh amuigh	• Imir cluichí amhail ***Oranges and Lemons***. • Gabh ar siúlóid torthaí san fhómhar. • Bíodh picnic torthaí agaibh. • Bailigh torthaí ar tharracóirí agus leantóirí.	




Foghlaim sa bhaile/Tuismitheoirí

Smaointe do thuismitheoirí

- Amharc ar na torthaí a cheannaíonn tú le do pháiste. Ainmnigh na torthaí. Sórtáil agus cuntas iad. Cén cinn a chaithfidh muid an craiceann a bhaint díobh sula n-ithimid iad. Sórtáil iad de réir datha, méid agus crutha. An bhfuil a fhios acu cén cinn a fhásann ar chrainn sa tír seo? Cén cinn a fhásann i dtíortha eile?

- Nuair a théann tú chuig an siopa nó an ollmhargadh, tabhair cead do do pháiste amharc ar na taispeántais torthaí. An bhfuil cuid ar bith ann nach n-aithníonn siad?

- Nuair a cheannaíonn tú torthaí iarr ar do pháiste cuidiú leat na húlla nó na horáistí a chuntas.

- Cuir síol nó cloch a thagann ó thoradh, nó cuir an chuid duilleoige ag barr anainn i sásar uisce. Péacann clocha ón phiorra abhcóide go measartha gasta má choinnítear tais iad, agus sa deireadh fásann siad go measartha ard agus duilleach. Fásann síolta oráiste, seadóige agus líomóide níos fadálaí ach is féidir iad a chur ag fás i bpota planda.

- Má dhéanann tú nó má cheannaíonn tú earraí torthaí amhail píóga agus mionchuar an féidir le do pháiste an toradh a aithint nuair a dhéantar cócaireacht air? Má itheann siad subha nó marmaláidí, an bhfuil a fhios acu go ndearnadh iad le torthaí? Amharc ar na pictiúir agus na lipéidí chun na torthaí a aithint.

- Más féidir, bain triail as torthaí difriúla an tseachtain seo.

- Nuair atá sibh amuigh ag siúl nó ag tiomáint cuardaigh áiteanna mar a bhfuil torthaí ag fás, amhail úllorda.

- Cuardaigh torthaí sna fail scéiche, amhail sméara dubha, mogóirí agus sceachóirí. Cuimhnigh le cur i gcuimhne don pháiste s'agat nár chóir dó rud ar bith a ithe gan cead a fháil uait agus gur féidir le sméara áirithe tinneas mór a chur air.

- Má fhásann tú torthaí i do ghairdín nó má tá cairde nó gaoil a dhéanann a leithéid, amharc ar na plandaí, toim agus crainn ar a bhfásann siad. Fásann roinnt torthaí go hard ar chrainn agus fásann cuid eile, amhail súitha talún, ar an talamh. Ná déan dearmad gur toradh tráta agus go bhfásann cuid mhaith daoine iad seo sa bhaile.

Tag: Stepping Stones Food
Nelson Thornes

Ba mhaith leis an Ghníomhaireacht um Chothú Sláinte buíochas a ghabháil le Dawn Crosby, Oifigeach Comhairleach Cúnta do Naíscoileann agus Bunscoileanna, Bord Leabharlainne an Oirdheiscirt, as a cuidiú in ullmhúchán na n-ábhar taca do mhúinteoirí.

Health
Promotion
Agency

Deartha agus déanta ag
An Ghníomhaireacht um Chothú Sláinte do Thuaisceart na hÉireann
18 Ormeau Avenue, Béal Feirste BT2 8HS
Teil: 028 9031 1611 (Guth/Mionchum)
Facs: 028 9031 1711
www.healthpromotionagency.org.uk

10/02